*Spléachadh ar na*

# **Coistí Parlaiminteacha**

Parlaimint na hEorpa


BG

## Spléachadh ar na Coistí Parlaiminteacha

Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh a thoghtar go díreach.

Déanann na 705 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) ionadaíocht ar 448 milliún saoránach AE.

Toghann vótálaithe as na 27 mBallstát iad uair amháin gach cúig bliana.

Déanann 20 buanchoiste agus trí fhochoiste obair pholaitiúil agus reachtach na Parlaiminte, agus toghann gach ceann acu cathaoirleach agus suas le ceathrar leaschathaoirleach.

Ag tús gach reachtais nua, cinneann an Pharlaimint cé na Feisirí a shuífidh ar na coistí ar bhonn na bhfabhar arna gcur in iúl ag na Feisirí. Is cinneadh tábhachtach é, mar cinnfidh sé an réimse ina ndíreoidh siad an chuid is mó dá n-iarrachtaí.

Tá ról fíorthábhachtach ag coistí na Parlaiminte i gceapadh beartais toisc gurb iad atá freagrach as seasaimh na Parlaiminte a ullmhú, go háirithe maidir le tograí reachtacha nua.

CUMHACHTAÍ AGUS FREAGRACHTAÍ NA MBUANCHOISTÍ


### 24 theanga

Déanann Feisirí Pharlaimint na hEorpa ionadaíocht ar shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh. Tá sé de cheart ag gach Feisire labhairt ina rogha teanga oifigiúil. Foilsítear doiciméid pharlaiminteacha i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais.

## Sampla de Ghnáthnós Imeachta Reachtach



Dréachtaíonn an Coimisiún Eorpach tograí reachtacha a chuireann sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh.





Laistigh den Pharlaimint, tá an obair reachtach bunaithe ar dhá phríomheachtra: cruinnithe coiste agus seisiúin iomlánacha.

**1** Déanann na coistí mionobair na Parlaiminte. Scrúdaíonn siad tograí reachtacha, leasaíonn siad iad agus vótálann siad orthu le linn a gcruinnithe míosúla. Ansin, cuireann na coistí a dtuarascáil faoi bhráid na Parlaiminte ina hiomláine.

**2** Glacann an Pharlaimint téacs an togra reachtaigh ag an seisiún iomlánach.



A luaithe a thagann Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú, foilsítear an gníomh reachtach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ansin déantar í a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta, agus tá feidhm aige maidir le gach saoránach Eorpach.


Leis an ngnáthnós imeachta reachtach, cuirtear an Parlaimint agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar comhchéim. Clúdaíonn sé raon leathan réimsí, amhail gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadaíochta, inimirce, fuinneamh, talmhaíocht, iascach, iompar, an comhshaol agus cosaint tomhaltóirí.

CUMHACHTAÍ REACHTACHA PHARLAIMINT NA HEORPA

Go deimhin, is iad Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a ghlacann formhór mór dhlíthe an Aontais Eorpaigh go comhpháirteach.



# An nós imeachta buiséadach



Tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, threisigh an Pharlaimint a cumhachtaí buiséadacha agus, anois, déanann sí, in éineacht le Comhairle an Aontais Eorpaigh, cinneadh ar bhuiséad iomlán bliantúil an Aontais Eorpaigh. Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an focal scoir ag an bParlaimint.

Tá ról ag an bParlaimint freisin in ábhair a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus le cearta an duine. Téann an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála i gcomhairle leis go rialta maidir le comhbheartas eachtrach, slándála agus cosanta an Aontais.

Tá gá le toiliú na Parlaiminte le haghaidh aon mhéadú ar AE agus le haghaidh tabhairt i gcrích na trádála agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile le Stáit nach Ballstáit den Aontas iad. Is iad na coistí a dhéanann an obair ullmhúcháin.

Caitheann Feisirí an-chuid fuinnimh ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus ar luachanna daonlathacha a chur chun cinn ar fud an domhain. Gach bliain, cuireann Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta obair na Parlaiminte sa réimse seo os comhair an phobail.



Gach mí, cuirtear seachtain amháin nó dhá sheachtain ar leataobh d’obair an choiste. Le linn cruinnithe coiste, pléann na Feisirí tuarascálacha reachtacha agus neamhreachtacha, déanann siad leasuithe a mholadh agus vótáil orthu, agus déanann siad obair leantach ar chaibidlíocht le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

FÉILIRE DO NA CRUINNITHE GO LÉIR

Cuidíonn na coistí go gníomhach leis an gclár oibre reachtach a shocrú, mar shampla, trí ionchur a thabhairt sula nglacfar Clár Oibre bliantúil an Choimisiúin. Tá ról tábhachtach acu i maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí AE trí fhaireachán a dhéanamh ar úsáid cheart bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus trí reachtaíocht glactha agus comhaontuithe idirnáisiúnta a chur chun feidhme i gceart.

Eagraíonn siad éisteachtaí le saineolaithe freisin agus déanann siad grinnscrúdú ar institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Go deimhin, sula bhféadtar Coimisiún Eorpach nua a thoghadh, ní mór do na coistí a dhéileálann lena gcúraimí faoi seach measúnú a dhéanamh ar gach Coimisinéir ainmnithe nua.



Maidir le haon ábhar ar leith, ceapann coistí Feisire as a rang mar rapóirtéir chun an próiseas cinnteoireachta ar fad a stiúradh de réir mar a ghlacann an Pharlaimint a seasamh ar an ábhar.

Is féidir an dréacht-tuarascáil arna tíolacadh ag an rapóirtéir a mhodhnú tar éis na leasuithe arna gcur síos ag na Feisirí a ghlacadh. Ansin, vótálann an coiste iomlán ar an téacs bunaidh agus ar na leasuithe, lena n-áirítear leasuithe comhréitigh arna gcomhaontú ag na grúpaí polaitiúla. Cuirtear an tuarascáil arna glacadh ag an gcoiste faoi bhráid an tseisiúin iomlánaigh lena formheas.



Féadfaidh an Pharlaimint freisin coistí speisialta a chur ar bun chun déileáil le saincheisteanna sonracha agus tá de chumhacht aici coistí fiosrúcháin a chruthú chun sáruithe líomhnaithe nó drochriarachán líomhnaithe dhlí AE a imscrúdú. Bíonn siad ag plé le raon réimsí gníomhaíochta ó chúrsaí airge-adais, intleacht shaorga agus bréagnuacht go leas ainmhithe agus sláinte phoiblí, gan ach beagán a lua.

Tá éagsúlacht shuntasach i méid na gcoistí, ó 25 ball do ghnóthaí dlíthiúla go 81 ball don chomhshaol, do shláinte phoiblí agus do shábháilteacht bia, le linn an chéad leath de théarma parlaiminteach 2019-2024. Léiríonn a gcom-hdhéanamh i gcónaí an tábhacht atá ag gach grúpa polaitiúil sa Pharlaimint ina hiomláine.

Tá an Pharlaimint ar thús cadhnaíochta maidir le trédhearcacht agus oscail-teacht a chur chun cinn. Déantar cruinnithe na gcoistí a bheoshruthú ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte agus is féidir féachaint orthu i gcónaí.



## Díospóireachtaí – beo ar an idirlíon

Buaileann na coistí le chéile uair nó dhó sa mhí sa Bhruiséil. Tá a gcuid díospóireachtaí poiblí. Cra-oltar formhór na gcruinnithe beo ar an idirlíon agus tá siad ar fáil freisin mar fhíseán ar éileamh.

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, baineadh úsáid fhorleathan as teicneolaíochtaí nua, rud a fhágann gur féidir cruinnithe a thionól go fíorúil nuair a bhíonn ate-angaireacht chomhuaineach ar fáil agus, ar an gcaoi sin, ligean do gach duine lena mbaineann a bheith rann-pháirteach go cianda.

Is féidir féachaint ar chruinnithe beo ar:
https://multimedia.europarl.europa.eu/ga

BEOSHRUTHÚ


## Tacaíocht saineolais

Faigheann na coistí comhairle neamhspleách agus saineolas scríofa (staidéir, seisiúin faisnéise, grinnanailísí agus téacsanna eile) ó sheirbhísí éagsúla taighde na Parlaiminte, amhail na ranna beartais.

Eagraítear ceardlanna agus painéil chun cur ar chumas na bhFeisirí ceisteanna a chur chuig saineolaithe agus tuairimí a mhalartú le saineolaithe ar ábhair a bhaineann le gnó parlaiminteach nó ábhair spéise reatha.

Féach na doiciméid saineolais uile:
www.europarl.europa.eu/supporting-analyses/ga

ANAILÍSÍ TACAÍOCHTA



## Bileoga Eolais ar an Aontas Eorpach

Tugann na Bileoga Eolais ar an Aontas Eorpach forléargas simplí achomair ar institiúidí agus ar bheartais AE, agus ar an ról atá ag an bParlaimint ina bhforbairt. Tá siad ar fáil i 24 theanga.

Féach na Bileoga Eolais uile:
www.europarl.europa.eu/factsheets/ga

BILEOGA EOLAIS AR AN AONTAS EORPACH



# Na coistí agus na fochoistí uile

**AFET**

Gnóthaí Eachtracha

**EMPL**

Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta

**CULT**

Cultúr agus Oideachas

**DROI**

An Fochoiste um Chearta an Duine

**ENVI**

An Comhshaol, Sláinte Phoiblí agus Sábháilteacht Bia

**JURI**

Gnóthaí Dlíthiúla

**SEDE**

An Fochoiste um Shlándáil agus um Chosaint

**ITRE**

Tionsclaíocht, Taighde agus Fuinneamh

**LIBE**

Saoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile

**DEVE**

Forbairt

**IMCO**

An Margadh Inmheánach agus Cosaint an Tomhaltóra

**AFCO**

Gnóthaí Bunreachtúla

**INTA**

Trádáil Idirnáisiúnta

**TRAN**

Iompar agus Turasóireacht

**FEMM**

Cearta na mBan agus Comhionannas Inscne

**BUDG**

Buiséid

**REGI**

Forbairt Réigiúnach

**PETI**

Achainíocha

**CONT**

Rialú Buiséadach

**AGRI**

Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe

**ECON**

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**PECH**

Iascach

**FISC**

An Fochoiste um Chúrsaí Cánach

FAIGH NA COISTÍ UILE

Féadfaidh an Pharlaimint freisin coistí fiosrúcháin agus coistí speisialta a chur ar bun chun déileáil le saincheisteanna sonracha. Féach liosta na gcoistí reatha: https://www.europarl.europa.eu/committees/ga/about/list-of-committees

**Parlaimint na hEorpa**

an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha
an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Seachtracha

**Leaganacha teanga**

Tá an foilseachán seo ar fáil i mBéarla (bunleagan), Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvacais, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris.

**Maidir leis an bhfoilsitheoir**

Údar an fhoilseacháin: Parlaimint na hEorpa
An Roinn atá freagrach: An tAonad um Chomhordú Gníomhaíochtaí Eagarthóireachta agus Cumarsáide
✉ editorial-secretariat@ep.europa.eu

**Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche:**

Márta 2021
© An tAontas Eorpach, 2021

**Séanadh**

Is é an t-údar nó na húdair, agus iadsan amháin, atá freagrach as inneachar an doiciméid agus ní gá gurb ionann é agus seasamh oifigiúil na Parlaiminte. Údaraítear atáirgeadh agus aistriú an doiciméid seo chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse. Ba cheart údarú a éileamh roimh ré ón bParlaimint sula ndéantar aon athúsáid ar an doiciméad seo chun críocha tráchtála.

**Cóipchearta**

Grianghraf foirgnimh, leathanach 5 © Association des Architectes du CIC: Vanden Bossche sprl, CRV s.A., CDG sprl, Studiegroep D. Bontinck
Gach grianghraf agus léaráid
© Shutterstock.com / © AdobeStock / © An tAontas Eorpach 2021 – Foinse PE
L021656 GA

BUAICPHOINTÍ NA GCOISTÍ

Faigh tuilleadh faisnéise faoi na coistí anseo:
**www.europarl.europa.eu/committees/ga**

GA